C/2025/3796

17.9.2025

P9_TA(2024)0375

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024: Treisiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Aibreán 2024 ar sheasamh na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024 lena dtreisítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne (08805/2024 – C9-0147/2024 – 2024/0090(BUD))

(C/2025/3796)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, mar a glacadh go cinntitheach é an 22 Samhain 2023 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]) ('Rialachán CAI'),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, agus freisin maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 9 Aibreán 2024 (COM(2024)0090),

— ag féachaint don seasamh maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024, a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 22 Aibreán 2024 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an lá céanna, (08805/2024 – C9-0147/2024),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0179/2024),

A. de bhrí, tar éis don Pholainn fógra a thabhairt an 5 Eanáir 2024 go bhfuil sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), gur ghlac an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme comhfhreagrach an 29 Feabhra 2024 lenar deimhníodh rannpháirtíocht na Polainne;

B. de bhrí gur chuir rialtas na Sualainne dréachtreachtaíocht ar aghaidh an 26 Eanáir 2024 lena réiteofaí an bealach do rannpháirtíocht na Sualainne in OIPE, a mheastar a dheimhneofar níos déanaí in 2024;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L, 2024/207, 22.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

C. de bhrí go dtreisíonn Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024, dá bhrí sin, buiséad 2024 OIPE le EUR 3.6 milliún breise i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí agus 20 post breise sa phlean bunaíochta;

D. de bhrí, in éagmais aon chorrlach faoi Cheannteideal 2b (Athléimneacht agus Luachanna), go molann an Coimisiún na costais bhreise a chumhdach tríd an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh;

1. á chur in iúl gur geal léi aontachas na Polainne le OIPE agus rannpháirtíocht na Sualainne, rud a d'fhágfadh go mbeadh 24 Bhallstát rannpháirteach ann; ag tabhairt dá haire, leis an méadú sin, go mbeidh OIPE in ann cionta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais sna Ballstáit sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus ar an gcaoi sin cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna agus buiséad an Aontais agus cabhrú leis an smacht reachta a chur chun cinn;

2. á chur i bhfios go láidir gur gá acmhainní breise airgeadais agus daonna a chur ar fáil do OIPE, lena n-áirítear chun earcú Ionchúisitheoirí Eorpacha, na feidhmeanna tacaíochta is gá agus caiteachas gaolmhar oibríochtúil agus tuarastail a chumhdach; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur thug an Coimisiún aird ar iarraidh na Parlaiminte dréachtbhuiséad leasaitheach comhfhreagrach a mholadh le práinn chuí;

3. á chur in iúl go dtuigeann sí nach gcuirfidh an Coimisiún seirbhísí digiteacha san ionad oibre ar fáil a thuilleadh do OIPE ó 2025 ar aghaidh; ag tabhairt dá haire gur iarr OIPE arís agus arís eile na hacmhainní breise airgeadais agus daonna is gá chun an t-aistriú chuig neamhspleáchas iomlán TF a dhéanamh agus chun slándáil a chórais TF a áirithiú;

4. á chur in iúl gur oth léi nach gcuirtear na hacmhainní is gá ar fáil le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024 chun a áirithiú go mbeidh OIPE feistithe go hiomlán chun a chuid imscrúduithe a shaothrú go héifeachtach, gur féidir leis a ualach oibre méadaitheach a bhainistiú agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici chun ullmhú do neamhspleáchas iomlán agus slán córas TF ó 2025 ar aghaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún na hacmhainní breise is gá, mar a leagtar amach i gCinneadh 016/2024 ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 21 Feabhra 2024, a áireamh i ndréachtbhuiséad leasaitheach amach anseo agus seirbhísí TF a chur ar fáil go dtí go bhfuil na hacmhainní is gá ag OIPE le bheith neamhspleách ó thaobh TF de;

5. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh neamhspleáchas iomlán ag OIPE, rud a bhraitheann ar uathriail bhuiséadach agus, dá bhrí sin, ar acmhainní leormhaithe; ag tabhairt dá haire nár tháinig an fhéidearthacht go mbainfeadh OIPE úsáid as tacaíocht riaracháin ó Eurojust faoi Airteagal 100 dá rialachán bunaidh; á mheabhrú gur gheall an Coimisiún, i Litir Leasaitheach 1/2022, go ndéanfadh sé measúnú ar staid foirne OIPE faoi dheireadh 2023; á iarraidh ar an gCoimisiún torthaí an athbhreithnithe foirne sin a tharchur chuig an údarás buiséadach gan mhoill ionas gur féidir leis iad a chur san áireamh ina chuid oibre do bhuiséad 2025;

6. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024;

7. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil buiséad leasaitheach Uimh. 2/2024 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

8. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.